



Bain triail aisti - Seachtain na Gaeilge á ceiliúradh sna Déise ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Tá Seachtain na Gaeilge á ceiliúradh i bPort Láirge arís i mbliana, le réimse leathan imeachtaí á n-eagrú in áiteanna éagsúla ar fud an chontae agus na cathrach. Tá Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne na Comhairle agus Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge, ag eagrú réimse imeachtaí idir an 1-17 Márta i gcomhair Sheachtain na Gaeilge 2017.

Scéalaíocht sa Leabharlann

Eagrófar roinnt seisiúin **Scéalaíochta & Rannta as Gaeilge** do pháistí an-óg agus do pháistí réamhscoile i leabharlanna éagsúla trasna na Cathrach agus an Chontae, le Jacqui de Siún ó Choiste Cúram Leanaí Phort Láirge, mar a leanas:

- Dé hAoine, 3 Márta @ 11r.n. i Leabharlann Ard Chaoín (*le grúpa Tuismitheoirí & Páistí Ard Chaoín*)
- Dé Máirt, 7 Márta @ 10.30r.n. i Leabharlann Dhún Garbhán (*le Coiste Tuismitheoirí & Leanaí Ghlór na nGael*)
- Dé Máirt, 14 Márta @ 11r.n. sa Lárleabharlann, Cathair Phort Láirge (*le Grúpa Tuismitheoirí & Páistí Lár na Cathrach*)
- Dé Céadaoin, 15 Márta @ 11r.n. i Leabharlann na Trá Móire (*le Grúpa Tuismitheoirí & Páistí na Trá Móire*)

Beidh na seisiúin saor in aisce seo oscailte don bpobal, agus beidh fáilte roimh thuismitheoirí/fheighlithe leanaí agus páistí óga a bheith linn.

Niall de Búrca

Beidh an seanacháí drámatúil, Niall de Búrca thar n-ais i bPort Láirge i gcomhair Sheachtain na Gaeilge arís i mbliana. Ar an gCéadaoin, 1 Márta beidh Niall ag cur siamsaíocht ar fáil do pháistí ó Ghlór na Mara agus ó Ghaelscoil Philib Barúin i Leabharlann na Trá Móire ar maidin. Beidh sé i mbun scéalaíochta um thráthnóna an lá céanna i gColáiste na Maighdine i gCathair Phort Láirge agus tríd is tríd beidh os cionn 200 pháiste ag baint sult as a gcuid scéalaíochta an lá úd.

Leabharlann Dhún Garbhán

Is tríd an ealaín agus an ceol a ndéanfar ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge i Leabharlann Dhún Garbhán. Beidh seans ag páistí ó scoileanna náisiúnta Naomh Iosaif agus Naomh Mhuire i nDún Garbhán agus Scoil Mhuire Dhún na Mainistreach T-léine speisialta Gaeilge a dhearadh i gcomhair Lá le Pádraig ag seisiúin sa Leabharlann ón 8-10 Márta agus chomh maith leis sin, beidh seisiún ceoil traidisiúnta le grúpa óg ó Mheánscoil San Nioclás sa Rinn ar siúl ar an Déardaoin, 16 Márta ar a 6:30i.n. Is fiú go mór éisteacht le grúpa óg, fuinniúil ag an ócáid saor in aisce seo.



Bingó as Gaeilge

Baineann páistí na nDéise an-taitneamh as na seisiúin Bingó as Gaeilge a n-eagraítear sna leabharlanna éagsúla gach bliain agus beidh Bingó as Gaeilge i siúl sna Leabharlanna seo a leanas arís i mbliana - Ard Chaoin, Bóthar Phádraig De Brún, Trá Mhór agus Port Lách. Reachtaílfear thart ar 20 seisiún le níos mó ná 600 páiste bunscoile le linn an chéad choicís i mí an Mhárta. Chomh maith leis sin, beidh Bingó as Gaeilge do sheanáirí i mbrainse na Trá Móire den leabharlann ar an Luan, 13 Márta @ 11r.n., le cupán tae/caifé agus císte ina dhiaidh. Má tá a thuilleadh eolais uait mar gheall ar aon cheann des na seisiúin Bingó seo, déan teagmháil le Treasa Mac an Aonaigh i Leabharlann Ard Chaoin ar 0761 10 2844.

Sa Chathair

Tráth na gCeist Dátheangach

Tá Oifig na Gaeilge de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag eagrú Tráth na gCeist Dátheangach sa *Cove Bar* ar bhóthar Dhún Mhóir i bPort Láirge ar an Aoine, 3 Márta @ 8.30i.n. Tráth na gceist spraoiúil a bheidh ann chun iachall a chur ar dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid. Bronnfar an t-airgead ar fad a bhaileofar mar dhuaiseanna agus beidh spotduaiseanna ar fáil chomh maith ar an oíche. Mar sin, bígí linn sa *Cove Bar* i gcomhair roinnt chraic agus chomhrá!

Turasanna Stairiúla

Eagrófar **Turasanna Stairiúla Dátheangacha** thart ar **Mhúsaem na Seod** agus **Pálás an Easpaig** i bPort Láirge mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge arís i mbliana. Bígí linn ag Pálás an Easpaig ar a 1.15i.n. ar an Déardaoin, 9 Márta i gcomhair thuras dátheangach le Donnchadh Ó Ceallacháin agus beidh Donnchadh i mbun cainte arís i Músaem na Seod ar a 1.15i.n. ar an Déardaoin, 16 Márta, agus beidh an dá thuras seo ar fáil ar chostas laghdaithe de €4. Fáilte roimh gach éinne.

IMEACHTAÍ EILE

SnaG ar an Rian Glas

Mar chuid den gceiliúradh a bhainfidh le hoscailt oifigiúil **Rian Glas na nDéise**, tá Coiste Cúram Leanaí Phort Láirge agus Glór na nGael ag eagrú **Shiúlóid Síoga do Pháistí** ar an Rian Glas. Iarrtar ar thuismitheoirí/fheighlithe agus páistí óga buaileadh le chéile ag Carrchlós Dharú ar an Satharn, 11 Márta ag a 11r.n. chun dul ar shiúlóid chun féachaint ar na dóirse síoga idir Dharú agus an tollán.

An Trá Mhór

Leanfar ar aghaidh le **Ciorcal Comhrá na Trá Móire** le linn mhí an Mhárta, le 'Comhrá as Gaeilge' sa Leabharlann gach oíche Dhéardaoin (2 & 9 Márta) óna 7-8i.n. agus bíonn fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Mar sin, más mian leat do chúpla focal a úsáid, téir go dtí Leabharlann na Trá Móire aon oíche Dhéardaoin agus bain taitneamh as.

Mar sin, má tá suim agat freastal ar réimse imeachtaí trí Ghaeilge, nó do chúpla focal féin a chleachtadh, tá rud éigint duit le linn Seachtain na Gaeilge i mbliana. Bain sult as!

-críoch-

Tuilleadh eolais: Máire Seosaimhín Breathnach, Oifigeach Forbartha Gaeilge 0761 10 2884 / (087) 7434123

Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Halla na Cathrach, An Meal, Port Láirge
Waterford City and County Council, City Hall, The Mall, Waterford.